

Taispeantais Sláinte Intinne Corcaigh

Bhí an-lá ag bliain a cheathair ó Choláiste Ghobnatan ar an Aoine an 11ú lá de mhí Dheireadh Fómhair. Chuaigh an rang ar turas go dtí an Taispeántas i Rochestown Park. D'fhág an rang an scoil ar a hocht a chlog chun a bheith in am don taispeántas. Thosaigh an taispeántas ar a ceathrú tar éis a naoi. Nuair a shroicheamar an t-óstán mór aláinn bhí an carr clós plódaithe le busanna eile ó scoileanna eile ó chontae Chorcaí. Bhí orainn go léir dul suas staighre agus fanacht cúpla nóiméad mar ní raibh na scoileanna go leir ann fós.

Tháinig an fear seo darb ainm Liam ag caint linn mar gheall ar alcóil agus thug sé spéaclaí duinn agus dúirt sé linn gurb é sin an radharc a bhí ag duine a bhí tar éis dhá dheoch alcóil a ól. Bhí fear óg Shane Mullins ag caint linn. Bhí timpiste aige cúpla bliain ó shin mar thiomáin sé abhaile ó óiche fhada sa tig tábhairne ag ól. Chuaigh an carr ó smacht agus bhí saol Shane Mullins i bhfad difriúil ón óiche sin amach. Bhí sé i gcóma ar feadh ceithre lá. Ní raibh aon mhothú ar an taobh dheas dá chorp Shane. Bhí Shane i gcathaoir rotha, agus bhí a lán cabhair ag teastáil uaidh. Níl ach radharc i súil amháin ag Shane ón

timpiste ach tá mothú ar ais ag Shane san taobh dheis don chorp mar dhein sé alán oibre sa “gym”. Anois téann sé ag taisteal timpeall na tíre ag labhairt le daoine mar gheall ar an timpiste agus go bhfuil sé chomh tábhachtach caint le daoine le linn am deacair sa saol.

Rud eile a dúirt Shane linn ná nach déanann sé aon difríocht cé mhéad uair a thiteann tú ach go gcaithfidh tú eirí arís gach am. Is fear an ionsparáideach é Shane mar tá sé ag déanamh an-mhaith anois tar éis na timpiste. Ní dheanfaimid dearmad ar cad a dúirt Shane Mullins linn.

An mana a bhí ag Sláinte Intinne Chorcaí ná...

“Our greatest glory is not in ever falling but in rising every time we do.”

Díospóireacht



D'éirigh go han-mhaith le fóirne díospóireachtaí Choláiste Ghobnatan i rith na seachtaine. B' iad Labhaoise Ní Liatháin (Captaen na

fóirne), Sinéad Ní Mhuimhneacháin agus Ellie Ní Sheighinn a bhí i mbun na díospóireachta don bhfoireann sínsir. B'é an rún a bhí idir láimhe acu ná, "Tá ár bhféiniúlacht mar naisiún caillte againn in Éirinn". Bhíodar ar son an rúin. Tar éis a gcuid oibre agus a gcleachtaidh ar fad roimhe, seolann siad ar aghaidh go dtí an chéad bhabhta eile den gcomórtas, á reachtáil ag Gael-Linn.



Go n-éirí go geal leo sa chéad bhabhta eile! Bí mí-adh ar fhoireann sóisir na scoile afách, ach dhein Roza Paterek (Captaen na fóirne), Grace Ní Aináin-Bettayeb agus Colm Ó Meachair éacht lena gcuid oráide fén rún, "Is féidir linne in Éirinn ár muinín a chur sa chéad ghlúin éile." Is cinnte go mbeidh siad thar n-ais an bhliain seo chugainn ar thóir an bhua. "Go buaic bhur gcumais"!

Lá na 'Funky bróg'



Bhí lá na 'funky bróg' ar siúl an Déardaoin seo chaite don tseachtain sláinte intinne. Chaith gach dalta péire bróg neamhghnáthach don lá (fiú amháin chaith buachaill amháin péire "flippers" agus chaith buachaill éile bróga déanta as téip). Bhailigh daltaí na hIdirbhliaina dhá euro ó gach duine a bhí páirteach sa lá ar an gCéadaoin agus an Déardaoin agus ansin chuaigh an t-airgead go dtí an carthannacht "Walk in my shoes". Bhí cead ag gach dalta aon saghas bhróg a chaitheamh ach amháin bútaisí peile agus sálaí árda. Bhí beagnach gach dalta páirteach ann chómh maith le roinnt dos na muinteoirí agus is léir gur dhein roinnt daoine sár iarracht chun na bróga is difriúla a chaitheamh.

Peil buachaillí sinsear

Bhí bua maith ag buachaillí peile sinsear sa chluiche ceathrú ceannais an chontae in aghaidh CBS, an Mhainistir Thuaidh an déardaoin seo caite i gCarraig a Droichead. Táid tríd go dtí an leath-ceannais anois (céilí comhraic, dáta agus áit fós le teacht).

Lá na ngeansaí!



Bhí lá na nGeansaí ar siúl i gColáiste Ghobnatan ar an 11ú lá de Mhí Dheireadh Fomhar. D'eagraigh daltaí bl 5 (Ronán De hÍde, Denise Ní Loingsigh, Eoin De Róiste, Síle Ní Shuibhne, Eadaoin Ní Thuama agus Damien Ó hUrdail) an t-ocáid seo mar chuid den rang CGAT chun airgead a bhailiú le haghaidh GOAL. Bhailigh siad €250 ar an lá. Míle buíochas do gach éinne a thug tacaíocht dóibh.



Seanfhocail na seachtaine

Taithí a dhéanann máistreacht

Briseadh mheán-téarma

Bíodh briseadh mheán-téarma deas sabhailte ag gach éinne!

Scríte ag Roibeárd De Bhulbh, Emer Ní Dhuinnín, Nóirín Ní Mheachair, Conchur Ó Murchú (daltaí na hIdirbhliana)